# Clár dairteanna Mol Mata

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Uimhreas - uimhreacha a aithint agus a thuiscint, comparáid agus ordú, patrúin agus gaolta<br>*Comhtháthú – Teanga* |
| **Scileanna Forbartha** | • Cur i bhfeidhm agus réiteach - ábhair agus próisis oiriúnacha a roghnú le haghaidh tascanna matamaiticiúla<br>• Cumarsáid agus cur in iúl - gníomhaíochtaí matamaiticiúla a phlé agus a mhíniú |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | níos mó, níos lú, níos airde, níos ísle, cuntas chun tosaigh, cuntas siar, aon, dó, trí, ceathair, cúig |
| **Áiseanna** | Clár Dairteanna Mol Mata, licíní, cnaipí |

## Cur Síos ar an nGníomhaíocht

Bhuaigh Mol Mata clár dairteanna i gcrannchur agus ba mhaith leis roinnt cluichí a imirt leat.

1. **Gníomhaíocht 1**

   Taispeáin Clár Dairteanna Mol Mata don rang agus léirigh uimhreacha ó 1 – 5 timpeall an chláir. Caitear dairt agus comhaireann daltaí an líon ceart cnaipí/licíní chun seasamh don uimhir scóráilte. Tabhair na focail aon, dó, trí, ceathair, cúig isteach chuig an clár dairteanna, scríobhann daltaí an uimhir chomhfhreagrach ar chlár bán.

2. **Gníomhaíocht 2**

   Caitheann daltaí dairt leis an gclár dairteanna. Comhaireann daltaí os ard na chéad trí uimhir ón áit a dtiteann an dairt. Cleachtann siad seichimh d'uimhreacha chun tosaigh, ansin, athdhéanann siad an ghníomhaíocht le seichimh d'uimhreacha siar srl.

3. **Gníomhaíocht 3**

   I mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga, caitheann na daltaí dairt amháin ar a seal. Tar éis do gach dalta dairt a chaitheamh, sainaithníonn na daltaí an uimhir is airde agus is ísle agus míníonn siad an chaoi a bhfuil sé sin ar eolas acu.

4. **Gníomhaíocht 4**

   An bhfuil sé cothromaithe?
   I mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga, caitheann na daltaí dairt amháin ar a seal. Tar éis do gach dalta dairt a chaitheamh, cuireann na daltaí na huimhreacha in ord ón uimhir is lú go dtí an uimhir is mó agus a mhalairt.

5. **Gníomhaíocht 5**

   I gcluiche ina bhfuil beirt imreoirí caitheann an chéad imreoir dairt. Tuarann an dara himreoir an mbeidh a dhairt ábalta uimhir a bhualadh atá níos airde nó níos ísle ná caitheamh an chéad duine.

6. **Gníomhaíocht 6**

   Ba mhaith le Mol Mata an clár dairteanna a úsáid chun cluiche nua a chruthú. An féidir leat smaoineamh ar chluiche a ba mhaith le Mol Mata a imirt?

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cén uimhir a scóráladh?<br>• Cé mhéad licín atá agat?<br>• Cé mhéad licín/cnaipe atá sa tacar?<br>• Cén uimhir a thagann roimh/tar éis x?<br>• Cad é an chéad uimhir eile? | • Conas atá a fhios agat go bhfuil x níos mó/níos lú, níos airde/níos ísle ná y?<br>• Cén fáth a síleann tú go mbeidh an chéad uimhir eile níos airde/níos ísle?<br>• Dá bhféadfá comhaireamh chun tosaigh/siar in iarrachtaí móra in áit uimhir amháin ag an am, cad iad na patrúin uimhreacha a d'fhéadfá a dhéanamh? |

## Difreáil

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí. Sín uimhreacha go 10, 20 srl. de réir mar is cuí. Tabhair isteach seichimh d'uimhreacha atá níos deacra, comhaireamh i ndónna, i ndeicheanna srl.